

Antoisceachas, Idirdhealú agus Róil Inscne

Suirbhé ar Thuairimí Daoine
Óga maidir le Ceisteanna
Sóisialta in Éirinn sa Nua-Aois



Réamhrá

Tá tionchar mór ag an méid a chloiseann agus a fheiceann leanaí sa bhaile, ar líne agus i measc a bpiaraí ar an gcaoi a dtagann siad ar a dtuairimí féin faoi cheisteanna, agus an gcaoi a bhfeiceann siad an domhan mórthimpeall orthu. Bhíodh sé i gcónaí mar seo, ach inniu, tá go leor bealaí éagsúla ag leanaí chun cumarsáid a dhéanamh- agus cumarsáid a dhéanamh leo- trí aipeanna teachtaireachtaí agus na meáin shóisialta. Chonacthas méadú le blianta beaga anuas ar thuairimí atá i bhfad amach ar an eite dheis nó tuairimí ‘antoisceacha’ mar a thugtar air, agus tá neart fianaise ann faoin méadú seo sna meáin agus i ndioscúrsa poiblí, agus níl Éire saor ó na treochtaí domhanda, cé go bhfuil sé ar scála níos lú. Chonaiceamar é seo ar an mbealach is míchuibheasaí leis na círéibeacha i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2023, chomh maithe leis na círéibeacha in Iarthar na Cathrach i mbliana, a bhí mar thoradh ar mhífhaisnéis agus fuath ar líne.

Cosúil leis na ceisteanna is mó a théann i bhfeidhm ar an tsochaí, is ceisteanna cearta leanaí iad an ciníochas, fuath ban agus idirdhealú. Is ceann de na ceithre phríomhphrionsabal Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL) é an ceart ag leanaí a bheith cosanta ón idirdhealú, chomh maith leis an gceart a bheith cosanta ón dochar.

Anuraidh, chun an 20ú lá cuimhneacháin den OOL a cheiliúradh, d'fhiafraíomar de os cionn 1,000 duine óg faoina dtuairimí ar an saol in Éirinn inniu agus na hathruithe ba mhaith leo a fheiceáil sa todhchaí. Chonacthas le torthaí an tsuirbhé, ina ndúirt 36% de leanaí go raibh taithí acu ar an idirdhealú agus 15% de leanaí go raibh taithí acu ar an gciníochas, ag cur in iúl an chaoi go raibh an méadú ar an dearcadh diúltach seo ag dul i bhfeidhm ar dhaoine óga in Éirinn. Fuarthas i staidéar an AE go raibh taithí ag 39% de leanaí de bhunadh na hAfraice ar íde béil agus 23% ar mhí-úsáid chorpartha mar gheall ar a gcúlra eitneach nó inimirceach, i bhfad níos mó ná meán an AE de 23 agus 8%.

Tugadh faoi deara lenár gcomhairliúcháin féin le leanaí a fhásann suas sa Soláthar Díreach go ndéantar idirdhealú nó ciníochas orthu, ar scoil agus sa sochaí níos leithne. Thugamar faoi deara go raibh ceisteanna maidir leis an idirdhealú ag teacht aníos ag ár gceardlanna feachtais cearta le scoileanna. Go dtí seo, níl mórán sonraí nó eolas faoi cé chomh minic is a fheiceann leanaí na tuairimí seo agus conas a théann sé i bhfeidhm ar a bhforbairt, folláine agus cearta. Agus é seo ar intinn agus trí ghrúpaí fócais lenár bPainéal Comhairleach na nÓige agus comhairliúchán le grúpaí páirtithe leasmhara, chruthaíomar suirbhé le cloisteáil ó dhaoine óga féin faoi na topaicí seo.

Ag breathnú ar thorthaí an tsuirbhé, is solás é go gcreideann os cionn leath, 61%, de na leanaí a ghlac páirt sa suirbhé gur áit mhaith í Éire le bheith i do dhuine óg inniu. Níl daoine óga a bhfuil taithí acu ar an idirdhealú go pearsanta, nó trí baill dá dteaghlach, chomh dearfach sin faoi bheith ag fás aníos anseo. Maidir le dearcthaí agus tuairimí, deir 50% de leanaí gurb iad a dtuismitheoirí an príomh-thionchar ina saolta, agus dúirt 63% de scoláirí go gcloiseann siad tuairimí níos míchuibheasaí ar líne seachas go pearsanta (6%).

Tá scoilte idir na hinscní le feiceáil, agus 64% de scoláirí ag rá go mbaineann tuairimí a mheasfaidís a bheith míchuibheasach le fir agus buachaillí. As an 69% de dhaoine óga a mhothaíonn gur ceist mhór é an t-idirdhealú in Éirinn inniu, mothaíonn cailíní é seo a thuilleadh ag 76% agus buachaillí ag 58%.

An rud is suimiúla, ceapann 55% de scoláirí go bhfuil tuairimí níos míchuibheasaí ag buachaillí ná atá ag cailíní.

Leantar ar aghaidh leis an téama seo a bhaineann le hinscne nuair a labhraítear faoi dhearcadh na dtuairimí, agus deir 61% de scoláirí go gcloiseann siad go minic tuairimí a deir gur cheart don tsochaí filleadh ar ais ar ról inscne ‘traidisiúnta’ d’fhir agus do mhná. Cosúil leis sin, deir 56% de scoláirí go gcloiseann siad tuairimí go bhfuil fir i dteideal údaráis níos mó ná atá mná. Léirítear é sin i dtaighde Ghluaiseacht na hEorpa in Éirinn, a fuair go ndíríonn grúpaí nua-aimseartha atá i bhfad amach ar an eite dheis in Éirinn ar fhir óga agus buachaillí, trí dhearcthaí ciníocha atá in éadan imirceach a thabhairt le chéile le fuath ban foréigneach agus aithisiú an phobail LADTA+. Léirigh sé go gcuirtear chun cinn ag caibidil na hÉireann filleadh ar ról inscne níos ‘traidisiúnta’, ina bhfuil fir mar cheannairí agus cosantóirí fisiceacha an aonaid teaghlaigh, agus mná mar mhná tí amháin.

Níl aon dabht, san aeráid seo d’éiginnteacht agus ina bhfuil dearcthaí ag athrú, tá riachtanas méadaithe socrú síos ar thiomantas na hÉireann cearta leanaí a chosaint. Mar is gnách, chuir leanaí léargas thar a bheith úsáideach ar fáil faoi na ceisteanna seo, ag léiriú go bhfuil tuilleadh oideachais ag teastáil agus an fhreagracht atá ag cuideachtaí na meán sóisialta a chur in iúl lena chinntiú go ndéantar iad a chosaint ar líne. Bainfidh ár nOifig úsáid as torthaí an tsuirbhé seo chun eolas a dhéanamh dár n-obair agus taighde féin ar na ceisteanna seo agus lena

chinntiú go léirítear iad le lucht déanta polasaithe. Choimisiúnaíomar taighde chun acmhainn oideachaisatá bunaithe ar chearta a fhorbairt a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le múinteoirí agus oibrithe óga páirt a ghlacadh i bplé le daoine óga faoin idirdhealú, ciníochas agus mífhaisnéis faoin inimirce. Beidh an acmhainn seo bunaithe ar phrionsabail CNACL, agus é bunaithe ar thaithí saoil daoine óga a dtéann na ceisteanna seo i bhfeidhm orthu, agus forbartha i gcomhar lenár bPainéal Comhairleach na nÓige (PCÓ).

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na 626 leanbh i scoileanna timpeall na tíre a ghlac páirt sa suirbhé seo agus a roinn a dtaithí linn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith lenár PCÓ a thug am do ghrúpaí fócais agus an suirbhé seo á chur le chéile lena chinntiú go ndéantar taithí daoine óga a léiriú sna ceisteanna.

An Dr Niall Muldoon
Ombudsman do Leanaí



Modheolaíocht

Antoisceachas, Ildirdhealú agus Róil Inscne – rinne Oifig an Ombudsman do Leanaí (OOL) suirbhé ar líne faoi thuairimí daoine óga maidir le Ceisteanna Sóisialta in Éirinn sa Nua-Aois i gcomhar le Taighde Amárach ón 5 - 23 Bealtaine 2025.

- Ghlac 626 leanbh ar an iomlán páirt agus iad idir 12-18 mbliana d'aois ó 28 meánscoil timpeall na hÉireann.
- Rinneadh dhá ghrúpa fócais le Painéal Comhairleach na nÓige OOL i mí Márta 2025 chun cabhrú le forbairt cheistneoir an tsuirbhé. Cruthaíodh na teoracha plé a úsáideadh i gcomhréir le OOL. Áiríodh leis na grúpaí fócais grúpa amháin d'ochtair cailíní agus grúpa amháin de cheathrar buachaillí. Bhí sé soiléir ón bplé a ardaíodh sna grúpaí seo go raibh dearchtaí agus tionchair éagsúla ar bhuachaillí agus cailíní agus bheadh orainn tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh air seo sa suirbhé cainníochtúil. Ar an ábhar seo, chuireamar roghanna soiléire do chairde fir agus mná sa suirbhé.
- Fuaireamar sna grúpaí fócais chomh maith nach raibh sainmhíniú comhaontaithe amháin de thuairimí antoisceacha, ach gur chomhaontaigh gach duine go raibh méadú ar thuairimí a mheas siad go pearsanta a bhí mar thuairimí antoisceacha. Dá bhrí sin, ar mhaithe leis an


suirbhé seo, níor thugamar sainmhíniú ar an antoisceachas do na daoine óga.

- Rinneadh agallaimh chomh maith le grúpaí páirtithe leasmhara do leanaí, lena n-áirítear EPIC agus Just Ask. Téama coitianta a tháinig chun cinn a bhí i dtionchar na meán sóisialta ar dhaoine óga. Breathnaíodh ar na meáin shóisialta agus an cineál teachtaireachtaí seo mar réimse tábhachtach chun tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh ar sa suirbhé cainníochtúil.
- Forbraíodh ceistneoir suirbhé ar líne le OOL chun an grúpa fócais agus torthaí an agallaimh a léiriú, chomh maith le hobair OOL le leanaí agus daoine óga. Cruthaíodh liosta de 200 scoil, le próifílí déimeagrafacha agus réigiúnacha teoraithe ag sonraí na Príomh-oifige Staidrimh (POS). Ina measc, bhí scoileanna DEIS agus neamh-DEIS, scoileanna príobháideacha, gaelscoileanna, chomh maith le scoileanna a ghlac páirt i gCeardlanna OOL faoi Chearta Oideachais agus Painéal Comhairleach na nÓg OOL. Rinne OOL teagmháil le scoileanna chun cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh sa suirbhé, agus chláraigh 28 scoil ar an iomlán.

- Nuair a chláraigh scoil le páirt a ghlacadh sa suirbhé, bhí sé fós faoin scoláire aonair an raibh sé nó sí ag iarraidh páirt a ghlacadh ann. Bhí rannpháirtíocht na leanaí anaithnidithe agus ní fhéadfaí ach an scoil a aithint. Cuireadh bileog eolais ar fáil do na scoláirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí ag tús gach suirbhé ina raibh liosta de sheirbhísí tacaíochta don scoláire más gá. Rinneadh gach iarracht a chinntiú go raibh na ceisteanna curtha i bhfocail ar bhealach simplí agus sothuigte do gach aoisghrúpa, agus lena chinntiú nach raibh leanaí á dtreorú nó á ngríosú chun toradh ar leith a roghnú.



Cé a ghlac páirt ann?




626

Scoláire




28

Scoil timpeall na hÉireann



Scoilbhliain



Aois



Achoimre

61%

de scoláirí a chreideann gur áit mhaith í Éire le bheith i do dhuine óg inniu. Taispeántar dearfacht i bhfad níos ísle ag daoine óga a bhfuil taithí acu ar an idirdhealú, go pearsanta nó trí bhaill den teaghlach, agus níl ach **49%** dóibh siúd a bhfuil taithí phearsanta acu ar an idirdhealú ag rá gur áit mhaith í Éire a bheith i do dhuine óg.

50%

de scoláirí ag rá gurb iad a dtuismitheoirí agus caomhnóirí atá mar phríomhthionchar ina saol, agus **30%** ag rá gurb iad a gcairde an príomhthionchar sin

35%

a cheapann go bhfuil ardán na meán sóisialta tábhachtach ag cabhrú leo agus lena gcairde teacht ar thuairimí agus **41%** a cheapann go bhfuil eolas a fhaigheann siad trí aipeanna teachtaireachtaí an-tábhachtach nó thar a bheith tábhachtach.

63%

de scoláirí ag tuairisciú go gcloiseann siad tuairimí níos míchuibheasaí ar líne seachas go pearsanta, agus níl ach **6%** a fheiceann na tuairimí seo sa saol mar atá.

25%

a thuairiscíonn go bhfuil tuairimí ag cuid dá gcairde a cheapann roinnt daoine a bheith míchuibheasach, agus **64%** de scoláirí a cheanglaíonn na tuairimí seo le fir agus buachaillí.

46%

a deir go léiríonn scoláirí tuairimí antoisceacha mar gheall ar thionchairí ar líne agus dúirt **36%** go léiríonn siad na tuairimí sin mar gheall ar chairde.

34%

a chreideann go roinneann daoine tuairimí antoisceacha mar gheall go gceapann siad go bhfuil sé greannmhar agus deir **32%** go roinneann daoine tuairimí antoisceacha mar gheall go bhfuil tuairimí comhchosúla ag a dtuismitheoirí.

59%

a deir go dtagann siad ar na tuairimí antoisceacha agus eolas antoisceach seo ó chruthaitheoirí inneachair na meán sóisialta agus ar líne, dúirt **36%** ó chairde fir agus dúirt **12%** ó sheantuismitheoirí.

51%

de scoláirí a aontaíonn go bhfuil tionchar ag comhráite ar líne maidir le cé chomh sábháilte agus a mhothaíonn siad ó lá go lá. Bhí an tuairim seo is láidre i measc cailíní agus **59%** ag rá go mbíonn tionchar ag comhráite ar líne ar a sábháilteacht.

Achoimre

44%

de scoláirí a thuairiscíonn go mothaíonn siad go bhfuil siad i gcontúirt mar gheall ar thuairimí daoine eile agus dúirt **48%** go mbíonn sé deacair orthu brú siar in aghaidh tuairimí nach n-aontaíonn siad leo.

69%

de scoláirí a aontaíonn gur ceist mhór é an t-idirdhealú in Éirinn sa lá atá inniu ann. Mothaíonn cailíní é seo a thuilleadh ag **76%** agus buachaillí ag **58%**.

41%

de scoláirí a deir gurb é an t-idirdhealú in aghaidh inimirceach an phríomhchúis imní. **24%** de scoláirí a deir go bhfuil taithí acu féin ar an idirdhealú.

84%

de scoláirí a deir go gcloiseann siad tráchtanna diúltacha faoin inimirce nó an tithíocht go minic nó uaireanta, deir **80%** go gcloiseann siad tráchtanna diúltacha faoin inimirce agus fostaíocht, agus deir **79%** go bhfuil siad ar son na hinimirce agus sábháilteacht sa phobal.

78%

de scoláirí a dúirt go gcloiseann siad tráchtanna diúltacha faoi dhaoine aeracha/leispiacha/aiteacha, dúirt **77%** go gcloiseann siad tráchtanna diúltacha faoi dhaoine trasinscneacha/neamh-dhénártha agus cloiseann **71%** tráchtanna diúltacha faoi dhaoine den Lucht Siúil/muintir na Romach.

55%

de scoláirí a dúirt go gcloiseann siad tráchtanna diúltacha faoi dhaoine faoi mhíchumas intleachta agus dúirt **53%** go gcloiseann siad tráchtanna diúltacha faoi dhaoine faoi mhíchumas fisiciúil.

61%

de scoláirí a thuairiscíonn go gcloiseann siad tuairimí gur cheart don tsochaí filleadh ar ról ‘thraidisiúnta’ inscne d’fhir agus do mhná.

56%


a thuairiscíonn go gcloiseann siad tuairimí go bhfuil fir i dteideal údaráis níos mó ná atá mná.

42% amháin

a fheiceann eiseamláirí ann ina n-aoisghrúpa a labhraíonn amach in aghaidh antoisceachais agus idirdhealaithe.


C1:

Ar an iomlán, an gceapann tú gur áit mhaith nó drocháit í Éire le bheith i do dhuine óg sa lá atá inniu ann?



C3:

“Tá dearcthaí ag go leor de mo chuid cairde a shílfeadh daoine áirithe go bhfuil siad míchuibheasach.” Nuair a smaoiníonn tú ar do rang féin ar scoil nó ar do chairde taobh amuigh den scoil, cé chomh mór agus a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú?



C4:

Cén fáth a ndeir tú sin?



Tá tuairimí i bhfad amach ar an eite dheis ag go leor de mo chairde

Ní cheapaim go bhfuil a gcuid tuairimí míchuibheasach, ach d'fhéadfadh daoine eile a cheapadh go bhfuil siad

Bíonn tionchar ag cairde na laethanta seo ar an méid a dhéanann leanaí agus cad é an treocht le bheith ag caint faoi

Níl tuairimí antoisceacha ag mo chairde agus tá siad oscailte do smaointe nua

Tá tuairimí míchuibheasacha ag go leor daoine timpeall orm faoi ábhair nach bhfuil mórán eolais acu ina leith

Tá mo ghrúpa cairde an-éagsúil, agus tá go leor cairde agam atá mar bhall den phobal LADTA, lena n-áirítear mé féin. Dá mbeadh tuairimí antoisceacha agam, rachadh sé in aghaidh mo chóid morálta agus a gcód morálta

Níl mo chairde foréigneach agus ní fuath leo aon duine. Ar ndóigh, tá tuairimí acu, ach níl siad míchuibheasach

Níl mé cairdiúil le haon duine nach bhfuil meas acu ar dhaoine eile

Tá tionchar á imirt ar thuilleadh daoine óga ag a gcairde tuilleadh gníomhaíochtaí frithshóisialta a dhéanamh, atá ag briseadh síos an phobail

Táim cairdiúil le daoine atá leathanaigeanta agus daoine nach scaipeann fuath, foréigean nó éadulaingt. Dá mbeadh siad ag scaipeadh an méid sin, ní bheadh mé cairdiúil leo, nó dhéanfainn iarracht a mhíniú dóibh an fáth a bhfuil na cineál tuairimí sin go dona


Ní bhíonn roinnt daoine ag smaoineamh ar conas a mhothaíonn daoine eile faoin méad atá á rá acu

Ceapann daoine go bhfuil sé aisteach a bheith difriúil

Go leor ciníochais, go háirithe ciníochas

C5:

Nuair a smaoiníonn tú ar dhuine a bhfuil dearcthaí míchuibheasacha aige nó aici, cén cineál duine a fheiceann tú?



C5:

Ar lean

Fear, geal de ghnáth, sna déaga nó meánaosta is dócha, ciníoch de ghnáth nó éasca tionchar a imirt air ag tuairimí míchuibheasacha daoine eile. Míshocair.

Fear meánaosta nó aosach óg fir thart ar 17 mbliana d'aois.

Fir 15+ d'aois, tuairimí frithbhanda ag an gcuid is mó acu faoin gcine daonna agus mná a dhéanamh míchompordach mar 'jóc'.

**Do ghnáthdhuine,
an bhfuil a fhios
agat, is féidir leis**


Fireann, daoine
tionchair, amadán

Fear fásta

Fear 30 bliain d'aois
atá gnéasaíoch i
leith mná


C6:

Cén fáth a mbíonn dearcthaí nó tuairimí míchuibheasacha ag daoine, dar leat?




C7:

Cá háit is minice a gcloiseann tú nó a bhfeiceann tú dearcthaí a thagann leis an sainmhíniú ar antoisceachas?




C8:

An gcloiseann tú dearcthaí níos míchuibheasaí ar líne nó go pearsanta?



C9:

Cé chomh tábhachtach agus atá ardáin na meán sóisialta e.g. TikTok nó YouTube chun cuidiú leat féin agus le do chairde do thuairimí a chruthú?




C10:

Cé chomh tábhachtach agus atá comhráite ar líne agus aipeanna teachtaireachtaí m.sh. Snapchat agus WhatsApp chun cuidiú leat féin agus le do chairde do thuairimí a chruthú?


C11:

Cé chomh mór agus a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis na ráitis thíos?



C12:

Cé chomh mór agus a aontaíonn nó a easaontaíonn tú gur ceist mhór é an t-idirdhealú in Éirinn sa lá atá inniu ann?



C13:

Cén fáth a ndeir tú sin?

Tá i bhfad níos mó fuatha feicthe agam scaipthe in Éirinn maidir le mná, LADTIA, cearta ginmhilte agus inimirce

Níl meas madra againn air agus ag caitheamh daoine a thagann ó aicmí sóisialta go difriúil

Ceapaim, ar an iomlán, gur tír oscailte í Éire, agus tá sí i gcónaí ag dul in oiriúint chun an oscailteacht sin a fheabhsú.

Tá gach duine difriúil ar a mbealaí féin agus níor cheart go gcaithimid go difriúil leo

Creidim go ndéantar an t-idirdhealú a normalú beagáinín agus go mbreathnaítear air mar “jóc”

Is féidir leat an dá thaobh a fheiceáil agus mura mbíonn tionchar aige ort nó ar do theaghlach, is cuma leat faoi

Ní fheicim go mór mór é i mo shuíomh sóisialta féin, ach d’fhéadfadh go mbeadh sé ann i suíomhanna eile

Tá feabhas tagtha air thar am, ach tá an fhadhb fós ann

Tá roinnt idirdhealaithe ann, ach níl mórán daoine

Is fadhb sa domhan é an t-idirdhealú, ní hamháin in Éirinn

Mar gheall ar líon na ndídeanaithe ag méadú in Éirinn, tá daoine áitiúla feargach mar gheall go bhfaigheann dídeanaithe lóistín agus daoine a rugadh in Éirinn atá gan dídean

Mar inimirceach, is rud ar leith é an t-idirdhealú a chuirtear orm agus daoine eile

Tá tionchar á imirt ag daoine níos sine ar dhaoine níos óige idirdhealú a dhéanamh ar imircigh inár dtír

Ligtear isteach daoine gan doiciméid sa tír

Tá go leor daoine ciníoch agus níl siad ag iarraidh glacadh le daoine ó thíortha eile ina dtír féin

Tá fadhb fós ann leis

Mar mhionlach in Éirinn, creidim go ndéantar an méid sin normalú ar an idirdhealú in Éirinn go dteipeann ar shochaí na hÉireann cad atá i gceist le jóc agus le hidirdhealú dáiríre

Tá méadú ag teacht ar an idirdhealú i measc daoine óga

Cloisim i gcónaí é ar scoil

Cé go bhfuil an t-idirdhealú ann in Éirinn, tá feabhas tagtha air agus níos fearr ná go leor áiteanna

Creidim ciníochas, homafóibe, feictear fós trasfhóibe agus gach cineál idirdhealaithe eile go minic in Éirinn nó mar ábhar imní ar a laghad i ngrúpaí mionlaigh, ach creidim go bhféadfadh breathnú air nach bhfuil sé chomh tábhachtach sin mar fhadhb in Éirinn ná mar atá i dtíortha eile, mar gheall go bhfuil Éire sách forásach.

Fadhb mhór a bhí ann i gcónaí in Éirinn

Déantar an t-idirdhealú a cheilt mar ábhar magaidh, ach i ndáiríre níl an daoine atá á rá ag magadh

Tá cásanna fós ann den idirdhealú agus an bhulaíocht in Éirinn, mar atá i mbeagnach gach tír.

Leis na fadhbanna inimirceach móorthimpeall go minic, déanfar idirdhealú orthu

Créibeacha 2023 i mBaile Átha Cliath

Cé go bhfuil an t-idirdhealú le feiceáil in Éirinn, tá sé i bhfad níos measa timpeall an domhain agus tá go leor fadhbanna eile atá níos tábhachtaí do dhaoine óga inniu

D'fhéadfadh go mbeadh tú mar an duine is cineálta riamh, agus i gcónaí gheobhaidh daoine rud éigin chun idirdhealú a dhéanamh ort.

Tá méadú tagtha ar an gciníochas mar gheall ar iarrthóirí tearmainn a fhaigheann tithíocht roimh Éireannaigh

Leis an ngéarchéim inimircigh agus an ghéarchéim tithíochta atá ag éirí níos measa, tugann sé cúiseanna do dhaoine fuath a bheith acu d'inimircigh

Creidim nach dtarlaíonn sé chomh minic sin is a chreideann daoine go dtarlaíonn sé


Tá homafóibe agus ciníochas coitianta i meánscoileanna ó scoláirí

Tá roinnt idirdhealaithe ann, ach níl mórán ann. Tá tuairimí éagsúla ag daoine, ach tá sé neamhchoitianta. Feicim iad agus idirdhealú á dhéanamh acu in aghaid daoine eile ar bhonn laethúil.

Déantar an t-idirdhealú agus steiréitíopaí a normalú

C14:

An ndearna idirdhealú ort féin, ar bhaill den teaghlach, nó cara leat?




C15:

Cé chomh minic, má tharlaíonn sé riamh, a chloiseann tú ráitis nó frásaí diúltacha faoi na saincheisteanna, na grúpaí nó na daoine seo a leanas?

C15:


Ar lean




C16:

Cé chomh minic, más riamh, a chloiseann tú nó a fheiceann tú ráitis nó dearchtaí a chuirtear in iúl cosúil leis na cinn thíos?

Ba cheart don tsochaí
filleadh ar róil
‘thraidisiúnta’ inscne
d’fhir agus do mhná




Tá fir i dteideal
údaráis níos mó ná
mar atá mná




C17:

Seo roinnt ráiteas a chualamar ónár ngrúpaí fócais agus ó dhaoine óga a thagann isteach inár n-oifig. An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú?



C17:

Ar lean



C18:

An bhfuil idirdhealú, imeascadh nó dearcthaí míchuibheasacha ag dul i bhfeidhm ar dhaoine óga in Éirinn? Cad ba cheart a dhéanamh?

Labhraíonn gach duine faoi cé chomh dona is atá sé, ach ní dhéantar mórán chun é a athrú. B'fhéidir nach ndéanfaidh na daoine a dhéanann idirdhealú in aghaidh inimirceach idirdhealú a dhéanamh in aghaidh daoine LADTA. Roghnaíonn siad cad atá ceart agus mícheart.

Tá sé togha, tá tuairim ceadaithe ag gach duine

Tá idirdhealú in aghaidh inimirceach ag fás, is féidir leis seo tionchar a imirt agus daoine a roinnt grúpaí de dhaoine óga

Tá daoine óga ag éirí sáinnithe i dtuairimí casta...is léir go bhfuil an rialtas fuarchúiseach agus gan chumhacht...ní mó do chuideachtaí na meán sóisialta a bheith rialaithe agus ní mór don rialtas níos mó a dhéanamh chun dul i ngleic le scaipeadh bréagaisnéise

Tá a dtuairimí féin ag daoine agus caithfidh daoine plé leis

Ní chreidim go bhfuil an t-idirdhealú mar fhadhb mhór is a deir daoine go bhfuil sé

Ní dóigh liom gur fhadhb mhór é

Ní theastaíonn aon rud tarlú, Ní dóigh liom go bhfuil mórán daoine a bhfuil tuairimí míchuibheasacha acu in Éirinn

Déanann tuairimí míchuibheasacha dochar mar díríonn siad ar an bhfuath seachas ar dhul chun cinn. Ní mór do dhaoine tuilleadh oideachais a bheith acu faoi na ceistanna seo chun mífhaisnéis a sheachaint a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh.

Ní dóigh liom gur ceist dáiríre í, mar níor chuala mé mórán tuairimí míchuibheasacha, ach níl mórán ar eolas agam faoin ábhar seo

Nílím ar an eolas faoi idirdhealú atá ag tarlú in Éirinn

Creidim gur fadhb mhór í agus tá imní orm go ndéanfaidh Éire mar a rinne Meiriceá agus rachaimid siar maidir le cearta ban, fear agus daoine eile

Creidim gur rud uafásach é an t-idirdhealú, ach tá an téarma tuairimí míchuibheasacha i bhfad ró-leathan chun breithiúnas a dhéanamh air agus creidim go bhfuil daoine i dteideal a ndearcadh féin. Cinnte go bhfuil sé ag dul i bhfeidhm ar dhaoine óga, ar bhealaí maithe agus ar dhrochbhealaí. Ceapaim gur cheart dúinn éisteacht le tuairimí gach duine agus iarracht a dhéanamh tuiscint a fháil ar a dtuairim.

Creidim go bhfuil an t-idirdhealú agus tuairimí míchuibheasacha níos coitianta in Éirinn. Tá idirdhealú nó tuairimí míchuibheasacha á gcur in iúl ag i bhfad níos mó daoine óga feicthe agam. Creidim go mbeidh sé ina fhadhb mhór

Ceapann go leor daoine óga go bhfuil sé ceart go leor a bheith ag magadh faoi cine agus gnéasacht daoine. Is féidir leis daoine a ghortú, áfach.

Ní dóigh liom gur fadhb é an t-idirdhealú in Éirinn ar chor ar bith a thuilleadh.

Mothaím go bhfuil níos mó daoine tarraingthe isteach sna dearcthaí sin agus tá sé scanrúil do chách. Cloisim buachaillí ag rá rudaí le mo chairde agus bíonn déistin orm agus ceapann siad go bhfuil sé greannmhar agus roimhe seo, ní raibh mórán cailíní, ach anois feiceann tuilleadh cailíní agus iad ag athphostáil faoi eachtrannaigh ar TikTok agus ag magadh faoi dhaoine aeracha.

Imríonn sé tionchar diúltach ar dhaoine óga, mar gheall go gcuireann sé smaointe míchuibheasacha ina n-intinn nuair nach bhfuil tuiscint iomlán acu ar an gciall a bhaineann leis, cé go n-aontaím le saoirse cainte, ceapaim nach bhfuil sé féaráilte an méid atá os comhair daoine sa tír seo atá ag lorg tearmainn ó chúinsí uafásacha

Ní fadhb rómhór í, mar gheall gur tír shábháilte í Éire, ach caithfear smacht a chur ar roinnt rudaí chun deireadh a chur leis tionchar diúltach a imirt ar dhaoine óga.

Mothaím gur féidir tuilleadh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú agus tá go leor daoine óga fágtha gan cosaint ar rudaí mar sin ar na meáin shóisialta agus caithfear tuilleadh a dhéanamh chun cinsireacht a dhéanamh ar na meáin shóisialta

Tá an t-idirdhealú ag dul i bhfeidhm ar dhaoine óga in Éirinn, ach is dóigh liom gur cheart do dhaoine foghlaim conas neamhaird a thabhairt do thuairimí daoine aineolacha agus leanúint ar aghaidh lena saolta.

Is dóigh liom gur fadhb ollmhór é an t-idirdhealú. Caithfidh daoine foghlaim faoin gcaoinfhulaingt! Tá drochthionchar á imirt aige ar dhaoine óga, agus is cosúil, trína bheith ann, go gcuireann siad isteach ar dhaoine fásta ar cheart dóibh eolas níos fearr a bheith acu

Téann sé i bhfeidhm ar dhaoine óga agus is fadhb mhór í

Níl sé ollmhór in Éirinn, ach d'fhéadfadh sé a

Conclúid

Tugann torthaí an tsuirbhé seo le fios go bhfuil na saincheistanna sóisialta atá ag teacht chun cinn maidir le hidirdhealú, antoisceachas agus fuath ban ag dul i bhfeidhm ar ár ndaoine óga tríd an méid a chloiseann agus a fheiceann siad sa bhaile, i measc a gcairde agus piaraí agus den chuid is mó, ar líne.

Is údar misnigh dúinn go bhfuil an tionchar is mó ag tuismitheoirí agus caomhnóirí i saol an duine óig go fóill. Is freagracht í seo nach mór déileáil léi go stuama chun dul i ngleic le hidéil chontúirteacha agus chun múineadh do leanaí faoin gcaoi ar cheart dóibh caitheamh le daoine eile.

Ná bíodh amhras ar bith ort gur ciníochas atá taobh thiar de cuid mhór den ‘imní’ a léiríodh le linn círéibeacha Bhaile Átha Cliath agus na hionsaithe ar ionaid IPAS agus caithfear é sin a thabhairt chun solais. Labhraíonn go leor de na daoine óga a ndearnamar suirbhé orthu faoin gcaoi go bhfuil ‘jócanna’ leithchealacha ag éirí níos coitianta, agus is ábhar imní é go léiríonn cuid dá dtuairimí go nglacann siad le rudaí nach bhfuil fíor, nó ar a laghad nach bhfuil 100% cruinn.

Tá imní orm a fheiceáil chomh maith, ní hamháin go meastar go bhfuil seans níos mó ann go léireoidh buachaillí tuairimí antoisceacha ach go bhfuil seans níos mó ann go ndíreoidh na tuairimí sin orthu freisin.

Suirbhé na Leanaí OOL

Caithfidh an Rialtas, cuideachtaí meán sóisialta agus gach duine againn é seo a chur san áireamh agus sinn ag iarraidh oideachas a chur ar fhir óga agus iad a chosaint. Is rud é seo chomh maith nach mór machnamh a dhéanamh air i ndíospóireachtaí faoi intleacht shaorga agus faoin gcaoi a bhfuil algartaim ag díriú ar ghrúpaí áirithe daoine, buachaillí agus fir óga sa chás seo.

Is ábhar imní dúinn chomh maith go bhfuil an dearcadh faoi fhilleadh ar na rólí inscne ‘traidisiúnta’, mar a thugtar orthu, ag teacht chun cinn, rud a thugann le fios go bhfuil gá le plé faoi inscne sa bhaile agus ar scoil.

Is é seo an tríú suirbhé atá déanta ag Oifig an Ombudsman do Leanaí trí scoileanna in Éirinn. Tá gach suirbhé tar éis cur leis an gceann roimhe sin. Ar dtús bhí suirbhé Covid ann agus ansin bhí suirbhé folláine foriomlán chun na saincheistanna do leanaí i ndiaidh na paindéime a fhiosrú. D’eascair an suirbhé seo as an gceann sin. Níor chuireamar moltaí san áireamh inár suirbhéanna roimhe seo, ós rud é gur suirbhé é seo – léargas ar shaincheist agus deis chun tuairimí leanaí a fháil go díreach. Sa chás seo, áfach, tá dhá mholadh déanta ag an Oifig mar go léiríonn torthaí an tsuirbhé roinnt rudaí atá ina gcúis imní mhór agus nach bhfuil aghaidh tugtha orthu go fóill:

Moltaí:

- Ba chóir don Rialtas fás na dtuairimí antoisceacha i measc leanaí a fhiosrú tuilleadh agus plean a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo ó aois óg. Aontaíonn 69% de na daoine óga a labhraíomar leo gur fadhb í an t-idirdhealú in Éirinn faoi láthair. Sa lá atá inniu ann, tá dearcadh ag athrú agus tá mífhaisnéis á scaipeadh agus mar sin, tá sé níos tábhachtaí ná riamh ár dtiomantas do chearta an duine agus don chuibheas a dhaingniú, agus tá ról againn go léir maidir leis seo.
- Is cinnte go bhfuil nasc idir tuairimí antoisceacha agus an t-idirlíon. Le fás thórdhreach na hintleachta saorga, ní mór don rialtas agus do rialtóirí béim speisialta a chur ar leanaí ina gcuid oibre ar intleacht shaorga chun a chinntiú go gcosnaítear leanaí ó dhíobháil. Go dtí seo, ní raibh ach béim an-bheag ar leanaí agus cearta leanaí maidir le hintleacht shaorga. Caithfear aghaidh a thabhairt air seo chun a chinntiú go bhfuil leanaí sábháilte ar líne agus nach bhfuiltear ag díriú orthu.



Oifig an Ombudsman do Leanaí

Teach na Mílaoise,
52-56 Sráid na Trá Mhór,
Baile Átha Cliath 1, D01 F5P8

☎ 01 865 6800
✉ oco@oco.ie
✉ @OCO_ireland
www.oco.ie



ombudsman
do leanaí
for children